FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Eanaigh na hÉireann

Tá clú ar phortaigh na hÉireann, ach is annamh a luaitear na heanaigh atá le fáil i ngleannta agus in imchuacha in aice aibhneacha agus lochanna na tíre. Is seoid iad na heanaigh seo, seoid atá i mbaol a caillte. Bhí lá ann agus ba thalamh eanaigh tuairim is 5% de thalamh na hÉireann. Níl ach cuid bheag bídeach de na heanaigh sin fágtha inniu, agus tá an méid sin féin i mbaol a gcaillte mar gheall ar dhraenáil agus ar fhorbairt.

Is é is eanach ann bogach a mbíonn leibhéal ard uisce ann i gcónaí. Uisce dromchla nó screamhuisce is príomhfhoinse chothaitheach ann. Ithir mhóinteach atá lacaileach nó beagáinín aigéadach is foshraith ann. Is i gceantair aolchloiche is mó a bhíonn eanaigh le fáil, áit a mbíonn mianraí sách flúirseach sa soláthar uisce. Tá eanaigh ar fud na tíre ar fad, ach is san iarthar agus i lár na tíre is mó atá siad (féach Fíor 1). Ar na heanaigh is mó a bhfuil eolas orthu tá Pollardstown, Co. Chill Dara, Talamh Calaidh na Sionainne, bruacha Loch nEathach ó thuaidh agus bruacha roinnt mhaith lochanna sa Bhoirinn Thoir, Co. an Chláir.

Fírící i dtaobh Eanach

- *Tá sé chineál eanaigh in Éirinn.*
- *Is gnéithe tábhachtacha den chóras rangaithe eanach iad seo a leanas: hidreolaíocht an cheantair, comhshuíomh pH agus comhshuíomh an fhásra.*
- *Tá 19,621 heicteár de thalamh Phoblacht na hÉireann faoi eanaigh. Tá 342 eanach ar fad ann. Tá 55 eanach i dTuaisceart Éireann a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh an chaomhnaithe de agus clúdaíonn siad limistéar 3,416 heicteár ar fad.*
- *Cailleadh 74% de na gnáthóga eanaigh i bPoblacht Éireann.*
- *Is iad na nithe is mó a chuireann eanaigh na hÉireann i mbaol ná míntíriú, draenáil agus inlíonadh talún.*
- *Talamh caomhnaithe is ea 763 heicteár d'eanaigh Phoblacht na hÉireann.*
- *Is iad na heanaigh is éagoitianta in Éirinn ná eanaigh ghleanna agus imchuach.*
- *80% d'eanaigh na tíre, is amhlaidh a chuimsíonn siad limistéar níos lú ná 100 heicteár. Tá gnáthóga eanaigh na hÉireann scaipthe, scartha óna chéile.*
- *Ar na rudaí atá liostaithe i gcomhair a gcaomhnaithe i dTreoirlínte Ghnáthóga na hEorpa tá eanaigh alcaileacha, toibreacha clochraithe le foirmíocht túfa agus eanaigh chailcreacha.*
- *Tuairiscíodh breis agus 200 planda agus 600 ainmhí a bheith ag fás nó ag cónaí ar eanaigh na hÉireann.*
- *25 de na plandaí agus de na hainmhithe Éireannacha is mó atá i mbaol, is amhlaidh nach bhfaightear iad in áit ar bith ach ar na heanaigh.*

55N
54N
53N
52N

10W 9W 8W 7W 6W

Fíor 1: Léarscáil a thaispeánann dáileadh na n-eanach arbh fhiú iad a chaomhnú

Cad é is eanach ann?

Is é atá in eanach ná bogach a mbíonn leibhéal ard uisce go buan ar an dromchla nó díreach faoi bhun an dromchla. Uisce dromchla nó screamhuisce is príomhfhoinse chothaitheach ann. Ithir mhóinteach atá lacaileach nó beagáinín aigéadach is foshraith ann. Fásra ilchineálach a fhásann ar na heanaigh, ach is gnách gur cíbeanna agus caonaigh dhonna is mó a bhíonn ann.

Cineálacha Eanaigh

Tá dhá mhórchineál eanaigh ann, agus a thopagrafaíocht agus a hidroleíocht féin ag gach ceann acu.

Is é a thugtar orthu eanaigh thopaigineacha agus eanaigh sholaigineacha.

Is mar seo a bhíonn topagrafaíocht na n-eanach topaigineach: bíonn córas bailithe uisce ar nós imchuach iontu agus is beag uisce a ghluaiseann as an gcóras. Tá trí chineál ann:

1. ***Eanaigh eatramhacha uisce dromchla den chineál a fhaightear ar bhruacha lochanna, cuir i gcás na heanaigh thart timpeall Loch Coirib, Contae na Gaillimhe. Is i réigiúin aonchloiche na hÉireann is mó a fhaightear a leithéid seo d'eanach. Clúdaíonn cuid acu limistéar fada fairsing.***
2. ***Eanaigh thuilemhá den chineál a fhaightear ar thuilemhá bháite abhann nó srutháin. Sampla is ea na heanaigh ar feadh Abhainn na Sionainne agus a cuid craobhaibhneacha. Níl mórán eanach den chineál seo fágtha in Éirinn inniu, mar gheall ar dhraenáil artaireach a bheith ar siúl go forleathan.***
3. ***Eanaigh imchuach den chineál a fhaightear in imchuacha báite, cuir i gcás Portach Scragh, Co. na hlarmhí. Is beag eanach den chineál seo in Éirinn, agus is i lár na tíre is líonmhaire iad. Le himeacht aimsire, déantar portach ardaithe de chuid de na heanaigh seo, de réir mar a charnann an mhóin in airde. Is gnáthóga an-tábhachtacha ag plandaí agus ag ainmhithe iad na heanaigh imchuach atá fágtha, agus is speicis an-ghann cuid de na speicis a chónaíonn orthu.***

Is mar seo a bhíonn topagrafaíocht na n-eanach solaigineach: an talamh a bheith claonta ar shlí a chuireann soláthar leanúnach uisce reatha ar fáil. Tá trí chineál de eanaigh sholaigineacha ann:

1. ***Eanaigh ghleanna ar urláir ghleannta éadoimhne. Is minic fána réidh ar shleasa na ngleannta seo, ar shlí is nach dtabharfá gluaiseacht uisce ar bith faoi deara ar an gcéad amharc. Is é an t-eanach gleanna is mó a bhfuil eolas air in Éirinn ná Eanach Pollardstown. Is beag eanach den chineál seo in Éirinn, agus is in oirthear na tíre atá a bhformhór.***
2. ***Maidir le eanaigh shruthlaithe, ní chlúdaíonn siad ach ceantair cuíosach beag laistigh de bhogaigh is fairsinge ná iad. Is minic iad le fáil i gceantair bhratphortaigh. Déanann sruth uisce na gceantar seo níos mó mianraí a sholáthar ná mar a bhíonn sa bhogach thart timpeall orthu, agus is mar gheall air sin a thagann ann don eanach. Tá an cineál seo eanaigh le fáil go fairsing laistigh de cheantair bhratphortaigh na hÉireann. Fásann roinnt cineálacha plandaí sna heanaigh seo nach mbeifeá ag súil lena leithéid in Éirinn. Go deimhin, tá cuid acu atá níos oiriúnaí do dhálaí Artacha.***
3. ***Tagann ann d'eanaigh chailcreacha taobh le toibreacha a bhfuil foinsí saibhre cailciam iontu. Is aníos as an talamh a ghluaiseann uisce na dtoibreacha seo agus is minic a fhágann screamh bán ar na plandaí a fhásann ar an talamh. 'Túfa' a thugtar ar an screamh seo. Is gnách gur eanaigh an-bheag iad seo laistigh de chóras bogaigh is fairsinge. Tá an cineál seo eanaigh gann sa tír seo.***



Fíor 2: Próiseas cruthaithe eanaigh – ó loch dromchla go heanach imchuach

Próiseas cruthaithe na nEanach

Mar is léir ó Fhíor 2, is minic gurb imchuach locha ba thúsphointe d'fhorbairt eanaigh. I ndiaidh don oighear leá agus cúlú siar, timpeall 10,000 bliain ó shin, fágadh limistéir fhairsinge den tír faoi uisce. Ní fada go raibh plandaí ag fás ar bharr an uisce, san áit a raibh imchuach an locha tanaí go leor agus a mbíodh dóthain dríodair ag dul isteach sa loch go buan leanúnach. Ní bhíodh ann i dtosach ach plandaí ar snámh ar bharr an uisce, ach le himeacht aimsire, dá mbíodh na coinníollacha cearta ann, thagadh cineálacha éagsúla giolcaí chun cinn ar bhruacha an locha: an ghiolcach féin, bogshifín agus fiú amháin coigeal na mban sí. Cuireann na plandaí seo bithmhais mhór díobh gach uile bhliain, bithmhais d'ábhair leath-dhianscaoilte agus de mhóin. De réir mar a bhíodh an fásra seo ag druidim ó na himill go dtí lár an locha, chlúdódh sé an loch uile go léir. Bhíodh an mhóin ag carnadh i rith an ama freisin, ag éirí i dtreo dhromchla an uisce. Is ansin a thagann gnáthfhásra an eanaigh chun cinn – féara cíbe agus caonaigh dhonna. An córas eanaigh a chruthaítear ar an mbealach seo, bíonn sé á chothú ag screamhuisce agus ag uisce talún a bhfuil an-chuid mianraí ann. De réir mar a lobhann an t-ábhar orgánach, déantar móin eanaigh de, agus leantar de phróiseas líonta an imchuach.

Gnáthóga Eanaigh

Is iomaí eanach a bhfuil meascán de ghnáthóga éagsúla ann. Orthu sin tá screamhuisce, giolcach, mionfhásra cíbe, coillte leaththalúnda beithe agus fearnóg. Cuireann an éagsúlacht gnáthóg seo laistigh de na heanaigh féin le holl-éagsúlacht na bplandaí agus na n-ainmhithe ann. Tá taifead againn ar bhreis agus dhá chéad planda a fhásann ar na heanaigh.

Ar na plandaí a fhásann go forleathan ar na heanaigh tá sifín, cíb chruithneachta, cíb choiteann, sábhsheisc, feochadán eanaigh agus magairlíní amhail an magairlín mór, magairlín na gcuileanna agus an t-ealabairín. Fásann caonaigh 'dhonna' mhóra chraobhacha chomh maith, amhail *Scorpidium scorpioides, Drepanocladus revolvens, D. aduncus agus Calliergon gianteum*.

Ar na plandaí eile a fhásann ar na heanaigh tá fionnscoth, odhrach bhallach, giolcach choiteann, coigeal na mban sí, luachra agus fionnán.

Deirtear fásra na eanach a bheith ‘daibhir’ nó ‘saibhir’, de réir chomhdhéanamh ceimiceach an tsoláthair uisce. Fásra daibhir a bhíonn ann nuair a bhíonn mórán aigéid ann. Fásra saibhir a bhíonn ann má bhíonn alcailí go flúirseach san uisce.

Fiadhúlra na nEanach

Tá eolas againn ar bhreis agus 600 speiceas ainmhí a chónaíonn ar eanaigh na hÉireann. Is ainmhithe gan chnámh droma formhór mór na n-ainmhithe, amhail ciaróga, damháin alla, agus feithidí eile. Ar na feithidí is spéisiúla a bhíonn ar na heanaigh le linn an tsamhraidh tá cineálacha éagsúla féileacán agus snáthaidí móra.

Féileacán an-suimiúil ar fad a chuireann an séasúr cúplála isteach ar na heanaigh is ea an fritileán réisc. Ní itheann a cuid bolb aon ní seachas odhrach bhallach. Tá an fritileán réisc ina speiceas cosanta faoi bhun Threoirlíne na hEorpa um Ghnáthóga.

Speicis ghanna na eanach

Plandaí
Glasluibh chruinn *Pyrola rotunifolia*
Magairlín caol *Dactylorhiza traunsteineri*
Cíb chaol *Carex lasiocarpa*
Mórán réisc *Saxifraga hirculus*
Ceannbhán caol *Eriphorum gracile*
Brífítí
Bryum pseudotriquetrum
Cinclidium stygium
Homalothecium nitens
Meesia tristicha
Paludella squarrosa

Ainmhithe gan chámh droma
An tseilide rinse *Vertigo geyeri*
An fritileán réisc *Euphydryas aurinia*
Cuil chadáin *Lepotocerus tineiformes*
An bhéchuil Ghaelach *Coenargion lunulatum*

Is iomaí cineál éin a bhíonn ag seilg bia nó ag cúpláil ar na heanaigh. Chonacthas seacht speiceas is fiche éan ar eanach Pollardstown nó sa cheantar thart air. Tá cíb agus giolcaigh go flúiseach ann, agus oireann an timpeallacht sin i gcomhair riachtanais chúplála go leor leor éan. Orthu sin tá an Spágaire Tonn, an Foitheach Mór, an Eala Bhalbh, an Phraslacha, an Mallard, an Rálóg Uisce, an Chearc Uisce, an Chearc Cheannann, an Ceolaire Cíbe agus an Ghealóg Ghiolcaí.

Is i gceantair riascmhara a chúplánan an Pilibín agus an Naoscach. Ar na speicis eile a chúplálann ar na heanaigh tá an Fhuiseog agus an Riabhóg Mhóna agus go leor éan ceoil, amhail an Dreoilín, an Donnóg, an Spideog, an Lon Dubh, agus an Smólach Ceoil. Ba ghnách le bunnáin cúpláil ar eanaigh na hÉireann, ach tá an speiceas i ndiaidh dul i léig go mór, agus is annamh a fheictear aon cheann díobh in Éirinn inniu.

Timpeallacht eile atá an-tábhachtach ná na lochanna sealadacha a dtagann ann dóibh sa talamh calaidh idir Áth Luain agus Port Omna, ceantar ina bhfuil íochtar Abhainn an tSuca agus Abhainn na Brosnaí Bige. Is anseo a chaitheann cearca fiáine cuid den gheimhreadh, agus is ann a gheofar an Eala Ghlórach, an Ghé Bánéadanach, an Lacha Rua, An Fheadóg Bhuí agus an Guilbneach.

Ar na hainmhithe eile a chónaíonn ar na heanaigh tá seilidí, froganna, earca sléibhe agus roinnt mhaith mamach, cuir i gcás dallóga fraoigh, madraí uisce agus ialtóga.

Tábhacht na nEanach

Tá tábhacht mhór ag baint leis na heanaigh i dtaca le caomhnú na timpeallachta de. Conaíonn cuimse plandaí agus ainmhithe ar na heanaigh agus baineann cuid díobh sin le speicis atá ag éirí níos gainne anseo in Éirinn agus sa chuid eile den Eoraip. Úsáidtear an focal ‘fuíollspeicis’ le cur síos ar na speicis seo a bhí coitianta in Éirinn lá den saol, ach nach bhfuil le fáil inniu ach i roinnt ceantar áirithe. Ní mhaireann inniu ach ‘fuíoll’an phlanda ar a dtugtar an mórán réisc agus ‘fuíoll’ na seilidí rinse *(Vertigo geyeri)* a bhí ann roinnt blianta ó shin.

Planda coitianta is ea giolcach (phragmites) a fhásann in uisce tanaí agus ar thalamh réisc. Is í an ghiolcach an féar is airde a fhásann in Éirinn, chomh hard le trí mhéadar nó mar sin. Féar an-dlúth atá inti a thugann foscadh d’ainmhithe ar bhlár cothrom an eanaigh. Fásann sraith mhóna faoi bhun an phlanda, agus déantar móin den phlanda féin i ndiaidh dó bású agus lobhadh.

An planda gann úd, an Mórán Réisc (Saxifraga hirculus), a mhair slán ó thréimhse a bhí i bhfad níos fuaire ná inniu. Is ar na heanaigh a fhásann sé.

An Ghealóg Ghiolcaí

Is iomaí sin éan a bhíonn beo ar shíolta giolcaí agus cíbe agus is éan díobh sin an Ghealóg Ghiolcaí. Bhí lá ann agus ba i ngnáthóga bogaigh amháin a chúpláladh an Ghealóg Ghiolcaí, ach de réir mar a d’éirigh na gnáthóga sin gann, chuaigh an t-éan i dtaithí ar ghnáthóga tirime.

Seilide bheag bhídeach is ea an tseilide rinse (Vertigo geyeri) a chónaíonn ar eanaigh na hÉireann. Caithfimid na heanaigh a thabhairt slán, mar níl aon ghnáthóg eile a oireann don tseilide bheag seo.

Tá na seaneanaigh i lár na hÉireann, agus cuid de na heanaigh ar bhruach lochanna, ar na háiteanna is fearr san Eoraip ar fad a oireann d'fhuíollspeicis chiaróige áirithe. Tá an ceantar thart ar an Muileann gCearr an-oiriúnach ar fad do na hainmhithe beaga seo.

Is beag gnáthóg eanaigh atá fágtha in Éirinn inniu, agus fiú an méid sin féin tá siad i mbaol mar gheall ar dhraenáil, míntíriú agus forbairt. D'fhéadfadh a rá nach bhfuil fágtha de na heanaigh ach 'fuíoll' na ngnáthóg a bhí le fáil go forleathan thart timpeall na hÉireann san am atá thart.

Eanaigh na hÉireann a Chaomhnú

Ach oiread le cineálacha eile bogach in Éirinn, tá an limistéar atá faoi eanach i ndiaidh laghdú go mór le céad bliain anuas. 92,508ha de thalamh na hÉireann a bhí faoi eanach ach ní mhaireann ach 21% den limistéar sin i riocht arbh fhiú a chaomhnú. Rinneadh dochar millteanach do na heanaigh le céad bliain anuas, de réir mar a bhí dlús á chur i saothrú na talún agus de réir mar a bhí mórscéimeanna draenála á gcur i gcrích. Fiú sa lá atá inniu ann, tá na gníomhaíochtaí seo ag cur na n-eanach i mbaol. Bagairt cuíosach nua is ea an fhorbairt thapa uirbeach agus infrastruchtúrach atá ar siúl ar fud na hÉireann. Déantar an-dochar d'eanaigh nuair a dhraenáiltear an talamh, cuir i gcás, agus is minic láithreáin líonta talún agus scéimeanna bóithre á suíomh ar thalamh atá faoi eanach. Talamh réasúnta saor atá inti, i ndiaidh go ndéantar talamh tirim di.

Eagraíocht neamhrialtasach is ea Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann (an Chomhairle) a bunaíodh in 1982 chun portaigh na hÉireann a shábháil agus féachaint chuige go gcaomhnófar rogha ionadaíoch de chineálacha portaigh in Éirinn.

Ó 1995 i leith, tá an Chomhairle ag tathant ar an Rialtas suirbhé náisiúnta a dhéanamh ar eanaigh na hÉireann agus sprioc a shocrú maidir le caomhnú na n-eanach. Rinne an Chomhairle fardal ar eanaigh na hÉireann in 2000 chun láithreáin arbh fhiú iad a chaomhnú a aimsiú. Aimsíodh 65 láithreán nua arbh fhiú go mór iad a chaomhnú. Léiríonn seo an gá atá le suirbhé náisiúnta. Cheannaigh an Chomhairle dhá láithreán eanaigh le haghaidh iad a chaomhnú, Scragh i gContae na hiarmhí agus Fionnúir, i gContae Phort Láirge. Tá an dá láithreán sin á mbainistiú i gcomhair a gcaomhnaithe anois.

Is é Dúchas, an tseirbhís Oidhreachta an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as caomhnú an nádúir in Éirinn. Go dtí seo, tá 763 heicteár de thalamh eanaigh ceannaithe acu laistigh de 12 láithreán éagsúla. Tá 286 láithreán eanaigh ainmnithe ag Dúchas mar Cheantair Oidhreachta Nádúrtha i bPoblacht Éireann. Tá na láithreáin sin á gcosaint anois faoi reachtaíocht náisiúnta. Tá tábhachtach na n-eanach aitheanta ag an Aontas Eorpach, a liostaíonn iad i measc na ngnáthóg atá le caomhnú agus le haire speisialta a fháil. De réir na Treorach Eorpaí um Ghnáthóga, caithfidh ballstáit ceantair nádúrtha a ainmniú, ag cloí le critéir eolaíocha sainiúla, mar Cheantair Speisialta Chaomhnaithe (CSC). Tá 47 CSC eanaigh molta ag Dúchas, a chlúdaíonn limistéar 3,800 heicteár. Tá na láithreáin sin anois á gcosaint ar ghníomhaíochtaí dochracha faoi dhlí na hÉireann.

Cad é is féidir leatsa a dhéanamh?

- ***Ballraíocht a bait amach i gceann de na heagraíochtaí caomhnaithe.***
- ***Cuairt a thabhairt ar eanaigh agus eolas a chur orthu.***
- ***Aon rud a dhéanfadh dochar d'eanaigh a thuairisciú do na húdaráis áitiúil nó do Dhúchas nó don Chomhairle Chaomhnaithe.***

Eanaigh ar féidir cuairt a thabhairt orthu

Eanach Pollardstown , Co. Chill Dara
Eanach Fhionnúrach, Fionnúir, Co. Phort Láirge

Foinsí eolais

Dúchas – an tSeirbhís Oidhreachta, 7 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: (01) 6472360 Láithreán gréasáin: www.heritagedata.ie

Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, 119 Sráid an Chéipéil, Baile Átha Cliath 1. Teileafón: (01) 872 2397. Láithreán gréasáin: www.ipcc.ie

ENFO – Eolas ar an gComhshaol, 17 Sráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 1890 200 191. Láithreán gréasáin: www.enfo.ie

Tuilleadh léitheoireachta (cóipeanna ar fáil i leabharlann ENFO)

Bellamy, D. (1986) *The Wild Boglands – Bellamy's Ireland*. Country House, Baile Átha Cliath.

Cabot, D. (1999) *Ireland, A Natural History*. Harper Collins a d'fhoilsigh. Londain.

Crushell, P. (2000) Irish Fen Inventory – *A Review of the Status of Fens in Ireland*. Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath

Foss, P.J. agus O'Connell, C.A. (1996) *Irish Peatland Conservation Plan 2000*. Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath.

O'Connell, C. (1987) eag. The IPCC Guide to Irish Peatlands. Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Oifig na nOibreacha Poiblí (1991) *Pollardstown Fen Nature Reserve – A Visitor's Guide.*

Patrick Crushell, Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, 119 Sráid an Chéipéil, Baile Átha Cliath 1, a d'ullmhaigh an téacs seo.

Arna eisiúint ag
ENFO – An tSeirbhís Eolais Comhshaoil,
17 Sráid San Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: **1890 200 191, (01) 888 3910 / 888 3933**
Facs: **01-888 3946**
R.phost: **info@enfo.ie**
Gréasán: **www.enfo.ie**

Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte
Aibreán 2001